# Tástáil: Coibhnis gan Foirmlí

1. Más duine ag rothaíocht atá á léiriú sna graif seo, cé acu graf ina bhfuil an rothaí ag gluaiseacht ar an luas is sciobtha?




A.




B.

   A. A.

   B. B.

2. An bhfuil an dalta seo ag dul abhaile nó ag imeacht óna theach?




   A. Tá sé ag dul abhaile

   B. Tá sé ag imeacht óna theach

3. Má sheasann an graf do thuras a rinne Caoimhín, cé acu scéal atá fíor?




A. Bhí Caoimhín 30 km ón mbaile nuair a thosaigh sé agus bhain sé an teach amach 3 uair an chloig ina dhaidh sin.

B. Bhí Caoimhín 30 km ón mbaile nuair a thosaigh sé agus d'fhan sé mar a raibh sé don 3 uair an chloig atá á léiriú ar an ngraf.

C. Thosaigh Caoimhín ar a thuras agus thaisteal sé 3 km in imeacht 30 nóiméad.

4. Má sheasann an graf do thuras a rinne Fíona, cé acu scéal atá á léiriú ar an ngraf?




A. Taistealaíonn Fíona ar ráta 10 km san uair don chéad uair an chloig, agus taistealaíonn sí 20 km sa chéad uair an chloig eile.

B. Taistealaíonn Fíona ar ráta 10 km san uair don chéad uair an chloig, agus taistealaíonn sé ar ráta 20 km san uair don chéad 2 uair an chloig eile.

C. Taistealaíonn Fíona ar ráta 10 km san uair don chéad uair an chloig, agus taistealaíonn sé ar ráta 10 km san uair don chéad 2 uair an chloig eile.

D. Taistealaíonn Fíona ar ráta 10 km san uair don chéad uair an chloig, agus taistealaíonn sé ar ráta 20 km san uair don chéad uair eile.

5. Reathaí is ea Feargus. Ritheann sé ón mbaile ar luas seasta fad le marcóir atá 5 km ón teach, agus tógann an méid sin 20 nóiméad air. Casann sé timpeall láithreach agus ritheann sé ar ais abhaile ar ráta seasta, ach é níos moille an uair seo, agus baineann sé an teach amach 25 nóiméad ina dhiaidh sin arís. Cé acu graf a léiríonn an rith sin a rinne Feargus?




A.




B.




C.




D.

6. Sa ghraf seo, an ag capall A nó ag capall B atá an luas is mó?




A. Capall A

B. Capall B

7. Má léiríonn na léaráidí seo toirt vs. airde nuair is coimeádán sorcóireach atá i gceist, cé acu léaráid díobh a léiríonn an sorcóir leis an nga is mó? .







B.

A. A.

B. B.

8. Léiríonn an graf seo an toirt leachta i gcoimeádán vs. airde an leachta. Léirithe déthoiseacha de roinnt coimeádán féideartha atá sna léaráidí thíos. Cé acu coimeádán a d'fhéadfadh a bheith á leiriú sa ghraf?




A. 

B. 

C. 

9. Léiríonn an graf seo an toirt leachta i gcoimeádán vs. airde an leachta. Léirithe déthoiseacha de roinnt coimeádán féideartha atá sna léaráidí thíos. Cé acu coimeádán a d'fhéadfadh a bheith á léiriú sa ghraf?



A. 

B. 



10. Meaitseáil an graf ama vs. faid leis an ráiteas ceart.




A. Ag gluaiseacht ar ráta seasta, measartha

B. Ag gluaiseacht ar ráta an-tapa, agus ag athrú de réir a chéile ansin go dtí ráta níos moille

C. Ag gluaiseacht ar ráta seasta, tapa

D. Ag gluaiseacht go tapa, ag moilliú beagán ansin, ansin ag dul níos tapa arís.